Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8863/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0079(COD)**

**COMPET 380**
**IND 202**
**MI 348**
**POLCOM 72**
**WTO 58**
**RELEX 519**
**RECH 154**
**CODEC 739**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón uachtaránacht maidir leis an 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020', agus aghaidh á tabhairt ar an díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl ag an gComhairle Iomaíochais an 22 Bealtaine 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Nóta ón uachtaránacht i gcomhair na díospóireachta beartais maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla**

**ag an gComhairle COMPET an 22 Bealtaine**

Thug an tAontas Eorpach faoi bheith aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór don Aontas raon leathan teicneolaíochtaí glan-nialasacha a fhorbairt agus a tháirgeadh a dteastaíonn amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha (CRManna agus SRManna) uathu. Tá CRManna agus SRManna ag tús go leor slabhraí soláthair tionsclaíocha. Ní hamháin go bhfuil gá leo le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh ach tá gá leo freisin chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais a fheabhsú agus chun ár n-athléimneacht agus ár slándáil a choinneáil. Tá na hamhábhair sin ríthábhachtach freisin d'earnálacha straitéiseacha, mar shampla an tsláinte, an spás agus an chosaint. D'fhéadfadh iarmhairtí díobhálacha suntasacha a bheith ag suaitheadh sa slabhra soláthair ar thionscal agus slándáil an Aontais agus ar chuspóirí polaitiúla an Aontais a bhaint amach.

Ní raibh an t-éileamh ar CRManna níos airde riamh. Mar gheall ar infheistíocht ollmhór dhomhanda i dteicneolaíochtaí glana, ar an gclaochlú digiteach agus ar riachtanais mhéadaithe chosanta i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, táthar ag súil go dtiocfaidh borradh faoin éileamh sna blianta amach romhainn. Méadóidh an t-éileamh iomlán domhanda ar mhianraí idir dhá agus ceithre huaire sna 20 bliain amach romhainn, agus meastar go méadóidh an t-éileamh ar amhábhair a bhaineann le ceallraí ar nós litiam suas go dtí 42 uair na leibhéil reatha. Thairis sin, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 250 % ar an éileamh ar mhiotail tearc-chré, mar shampla neoidimiam, diospróisiam agus praiséidimiam, a bhfuil gá leo chun buanmhaighnéid a mhonarú – a úsáidtear, mar shampla, i dtuirbíní gaoithe agus i bhfeithiclí leictreacha, le linn na tréimhse 2020-2030.

Sa lá atá inniu ann, tá an tAontas ag brath go mór ar CRManna. Tá táirgeadh domhanda CRManna comhchruinnithe i roinnt tíortha ar fud an domhain. Mar shampla, tá an tAontas ag brath go mór (os cionn 90 %) ar an tSín le haghaidh dúile tearc-chré éadroma agus dúile tearc-chré troma, gailliam, agus maignéisiaim. Thairis sin, ó thaobh éileamh an Aontais ar bhuanmhaighnéid de, comhlíonann allmhairí ón tSín 98 % díobh. Tá an tAontas ag brath go mór freisin ar roinnt tíortha chun amhábhair a phróiseáil agus a scagadh; rialaíonn an tSín 56 % den acmhainn dhomhanda le haghaidh litiam scagtha, mar shampla, agus 58 % den acmhainn dhomhanda le haghaidh mangainéise scagtha, déantar 63 % de chóbalt an domhain a úsáidtear i gceallraí a eastóscadh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus déantar 60 % de a scagadh sa tSín. Soláthraíonn an Afraic Theas 71 % de riachtanais an Aontais maidir le miotail de chuid an ghrúpa platanaim, agus soláthraíonn an Tuirc 98 % de sholáthar bhóráit an Aontais. Níl luachanna Eorpach ag cuid de na tíortha sin ná ní chomhlíonann siad caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais na hEorpa. Cuireann sé sin in iúl go láidir gur gá cineálacha éagsúla comhair a lorg agus caidreamh trádála an Aontais le comhpháirtithe iontaofa a fheabhsú, mar shampla trí chomhaontuithe saorthrádála nó trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Tá na CRManna anois faoi chaimpirín ag cluiche geopholaitiúil inar gá don Aontas a bheith ina phríomhghníomhaí. Is léir gur gá foinsí CRManna a éagsúlú agus slándáil an tsoláthair a áirithiú chun tairbhe thionscal an Aontais agus chun a ráthú go mbeidh an tAontas in ann a chuspóirí aeráide agus digiteacha chomh maith lena riachtanais chosanta a chomhlíonadh. Chuige sin, ní mór don Aontas díriú ar a allmhairí a éagsúlú, agus ar a chumas féin a neartú freisin maidir le hamhábhair chriticiúla a asbhaint, a phróiseáil agus a athchúrsáil.

In ainneoin taiscí móra a bheith aige agus mianaigh oibriúcháin á n-oibriú, is mionghníomhaí é an tAontas ó thaobh CRManna agus SRManna a eastóscadh, a phróiseáil agus a athchúrsáil. Tá an ráta athchúrsála do go leor amhábhar níos lú ná 1 %. Tá acmhainneacht gheolaíoch ag an Aontas, ach, go ginearálta, níl dóthain taiscéalta déanta san Eoraip ar go leor cúiseanna – ualach rialála fairsing ar cheann acu. Mar shampla, ní théann ach thart ar 2 % den infheistíocht dhomhanda sa taiscéalaíocht chuig Ballstáit an Aontais. Is réimse é seo ina bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe. Ó 2018 i leith, tá faisnéis maidir le tionscadail CRM bailithe ag an gCoimisiún Eorpach, in éineacht le hionadaithe na mBallstát (comhaltaí Ghrúpa Soláthair Amhábhar an Aontais). Faoi láthair tá cúlchistí agus sonraí acmhainní sa bhunachar sonraí ó 22 thír maidir le 26 CRM agus seacht n-amhábhar breise. Is é an scrogall is mó a chuireann isteach ar thionscadail eastósctha an Aontais a thosú na próisis cheadaithe fhada, ilroinnte, dhothuartha. Ina theannta sin, cuirtear bac ar infheistíocht mar gheall ar thaiscéaladh neamhleor acmhainní mianraí Eorpacha, neamhréireachtaí idir beartais chomhshaoil agus beartais lena gcuirtear infheistíocht chun cinn agus glacadh íseal na mianadóireachta ag an bpobal.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus chun soláthar slán, éagsúlaithe agus inbhuanaithe CRManna a áirithiú, an 16 Márta thíolaic an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht agus Rialachán maidir le hamhábhair chriticiúla. Tugtar aghaidh ar ghné an bheartais sheachtraigh den chuid is mó sa Teachtaireacht, agus tugtar aghaidh sa Rialachán ar ghnéithe an mhargaidh inmheánaigh agus na tionsclaíochta.

Tá an Rialachán maidir le hAmhábhair Chriticiúla (CRMA) bunaithe ar cheithre cholún. Ar an gcéad dul síos, moltar ann liosta na n-amhábhar criticiúil agus liosta straitéiseach nua d'amhábhair a chur san áireamh faoi chuimsiú an Rialacháin agus, dá bhrí sin, iad a chódú sa dlí. Ag an am céanna, moltar sa Rialachán tagarmharcanna chun feabhas a chur ar acmhainní chun CRManna a eastóscadh, a phróiseáil agus a athchúrsáil san Aontas agus chun iarrachtaí éagsúlaithe a threorú. Ar an dara dul síos, moltar sa Rialachán bearta nua chun acmhainneachtaí amhábhar criticiúil na hEorpa a neartú feadh an tslabhra luacha ina iomláine, mar shampla creat nua chun tionscadail straitéiseacha a roghnú agus a chur chun feidhme, ar féidir leo leas a bhaint as ceadú cuíchóirithe, agus leagtar amach ann ceanglais náisiúnta chun cláir thaiscéalaíochta a fhorbairt san Eoraip. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na Ballstáit ionad ilfhreastail a chur ar fáil do gach tionscadal amhábhar criticiúil le haghaidh na gceadanna ábhartha uile. Moltar sa Rialachán freisin sraith beart chun athchúrsáil agus aisghabháil CRManna a mhéadú chun acmhainneachtaí na hEorpa a dhaingniú. Ar an tríú dul síos, leagtar amach sa Rialachán gníomhaíochtaí chun ullmhacht an Aontais a fheabhsú agus chun rioscaí soláthair a mhaolú. Ar deireadh, bunófar comhstruchtúr rialaithe i bhfoirm bord a thabharfaidh comhairle agus a dhéanfaidh comhordú ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Rialachán agus a phléifidh comhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais le tríú tíortha.

Is dúshlán don tionscal mianadóireachta é go bhfuil suíomh fosuithe buncharraige mar thoradh ar phróisis gheolaíocha, agus dá bhrí sin ní féidir fosuithe mianraí a athlonnú murab ionann agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha eile. Bíonn leasanna iomaíocha ann i gcónaí nuair a bhíonn mianach nua á moladh nó taiscéalaíocht á dhéanamh. Chun go mbainfidh CRMA a chuid spriocanna amach, ní mór dó an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir leasanna éagsúla, leasanna a bhíonn ag teacht salach ar a chéile uaireanta, agus ar an gcaoi sin táirgeadh méadaithe an Aontais a cheadú agus ardchaighdeáin chomhshaoil á gcomhlíonadh ag an am céanna. Tá sé chomh tábhachtach céanna do thionscadail i dtríú tíortha go maolófaí aon drochthionchair – ar an gcomhshaol nó ar an tsochaí.

Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- An leor na bearta atá beartaithe in CRMA chun an uaillmhian a bhaint amach i leith acmhainneacht eastósctha, phróiseála agus athchúrsála an Aontais, mar atá leagtha síos ag an gCoimisiún, a neartú?
- An soláthraítear leis an togra ón gCoimisiún an chothromaíocht cheart idir leasanna iomaíocha, mar shampla idir caighdeáin chomhshaoil agus an gá atá ann don Aontas CRManna agus SRManna a asbhaint, a phróiseáil agus a athchúrsáil ar bhonn méadaithe?
- Conas is féidir linn glacadh na sochaí leis an mianadóireacht i mBallstáit an Aontais a mhéadú?